Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028:
Treoracha Gairide do Scoileanna

## Treoir 4: PRIONSABAIL AN CHURACLAIM NUA



# Cuspóir na treorach seo

Míníonn an treoir seo na cúig phrionsabal atá mar bhonn faoi Churaclam Thuaisceart Éireann 2028 atá beartaithe. Tháinig na prionsabail seo chun cinn as an Athbhreithniú Straitéiseach ar Churaclam Thuaisceart Éireann agus is iad a mhúnlaíonn dearadh, struchtúr agus ábhar an chreata curaclaim nua. Tá siad beartaithe lena chinntiú go bhfuil an curaclam uaillmhianach, ciallmhar, cothrom agus inbhuanaithe d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí.

# Cad chuige a bhfuil na prionsabail churaclaim tábhachtach?

Cuireann na prionsabail an bunús fá choinne dearadh curaclaim ar fáil. Cuidíonn siad lena chinntiú go mbíonn cinntí maidir le hábhar an churaclaim, dul chun cinn, measúnú agus cur i bhfeidhm agus is faoi threoir fís chomhroinnte agus cuspóir oideachais soiléir a dhéantar na cinntí sin.

Tá an curaclam nua deartha de réir cúig phrionsabal:

1. Á threorú ag an chuspóir
2. Ar mhórán eolais
3. Leanúnach agus ciallmhar
4. Sonrach agus soiléir
5. Cuimsitheach agus solúbtha

Le chéile, is é cuspóir na bprionsabal seo aghaidh a thabhairt ar go leor de na laigí a sainaithníodh sa churaclam reatha, lena n-áirítear easpa soiléireachta, dul chun cinn míshásúil, neamhréireacht idir scoileanna agus ró-ualach curaclaim.

# Prionsabal 1: Á threorú ag an chuspóir

Tá an curaclam nua á threorú go soiléir ag an chuspóir. Ciallaíonn sé seo go roghnaítear agus go gcuirtear ábhar an churaclaim in ord toisc go gcuireann sé le haidhm agus cuspóirí foriomlána an churaclaim.

Tosaíonn gach creat ábhair le ráiteas fís ina mínítear cén fáth a bhfuil an t-ábhar tábhachtach agus cad é a chuireann sé le forbairt intleachtúil, chultúrtha agus phearsanta na ndaltaí.

# Prionsabal 2: Ar mhórán eolais

Is gné shuntasach den churaclam atá beartaithe an bhéim a chuirtear ar eolas. Is é eolas iontaofa an bunús fá choinne tuisceana, réasúnaíochta, cruthaitheachta agus cur i bhfeidhm ar fud na n-ábhar uilig.

Tá an curaclam deartha leis na coincheapa, leis an eolas agus leis an stór focal atá riachtanach ba chóir do dhaltaí a fhoghlaim a aithint go soiléir. Meastar gur teideal comhroinnte é an t-eolas seo d'achan fhoghlaimeoir agus tá sé beartaithe le héagsúlacht idir scoileanna a laghdú.

Ní bhaineann cur chuige ar mhórán eolais le foghlaim de ghlanmheabhair, mar shampla; fíricí neamhcheangailte a chur de ghlanmheabhair ná cruthaitheacht a shrianadh. Ina áit sin, tá sé mar aidhm aige an t-eolas a theastaíonn ó dhaltaí a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh siad in ann smaoineamh go domhain, páirt a ghlacadh go muiníneach agus naisc shuntasacha a dhéanamh ina bhfoghlaim.

# Prionsabal 3: Leanúnach agus ciallmhar

Sainaithnítear san athbhreithniú dul chun cinn míshásúil sa churaclam mar dhúshlán suntasach taobh istigh den churaclam reatha. Mar fhreagra air sin, tá an curaclam nua deartha lena chinntiú go bhforbraítear an fhoghlaim go carnach le himeacht ama.

Tugann curaclam leanúnach agus ciallmhar isteach smaointe tábhachtacha go luath agus déantar athbhreithniú orthu níos doimhne de réir mar a théann na daltaí ar aghaidh fríd an scoil. Cuirtear an fhoghlaim in ord d’aon ghnó ionas go dtógann eolas nua ar réamhfhoghlaim.

Tá an cur chuige seo beartaithe le haistrithe idir céimeanna a neartú, athdhéanamh ábhair gan gá a laghdú agus níos mó muiníne a thabhairt do mhúinteoirí fán mhéid atá foghlamtha ag daltaí roimhe seo.

# Prionsabal 4: Sonrach agus soiléir

Ba chóir go mbeadh ionchais churaclaim soiléir, dírithe agus indéanta. Is féidir go mbeadh sé deacair do mhúinteoirí tosaíochtaí a aithint mar gheall ar ráitis rófhada agus doiléire, rud a d’fheadfadh cur le ró-ualach curaclaim.

Dá bhrí sin, sainaithnítear sa churaclam nua eolas riachtanach fríd ráitis shoiléire "Ba chóir do dhaltaí...a foghlaim". Tugann siad seo soiléireacht níos fearr fá na rudaí a bhfuil daltaí i dteideal a fhoghlaim ag céimeanna éagsúla.

Tá sé mar aidhm ag an gcuraclam ualach oibre na múinteoirí a laghdú, comhsheasmhacht a fheabhsú agus níos mó ama a chruthú le haghaidh doimhneachta, comhdhlúthaithe agus tuisceana fríd níos mó soiléireachta a léiriú. Cé go bhfuil ionchais níos soiléire, tá solúbthacht i gcónaí ag scoileanna maidir leis an dóigh a múintear ábhar agus cad é mar a chuirtear i gcomhthéacs é.

# Prionsabal 5: Cuimsitheach agus solúbtha

Bíonn go leor foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste nuair a bhíonn easpa soiléireachta nó comhleanúnachais ann maidir le hábhar an churaclaim mar is féidir le bearnaí san eolas a leathnú le himeacht ama

Tá sé mar aidhm ag an churaclam atá beartaithe tacú le cuimsiú fríd sheicheamhú agus boinn atá láidir, agus fócas ar mháistreacht. Fríd eolas riachtanach a aithint go soiléir agus an fhoghlaim a thógáil de réir a chéile, tá sé mar aidhm ag an churaclam rochtain a fheabhsú do gach foghlaimeoir.

Ag an am chéanna, coinníonn an curaclam dhá chineál tábhachtacha solúbthachta:

- solúbthacht chomhthéacsúil - rud a ligeann do scoileanna samplaí, téacsanna agus acmhainní a roghnú a léiríonn a gcomhthéacs áitiúil; agus
- solúbthacht ar luas seasta -  rud a ligeann do mhúinteoirí luas na foghlama a choigeartú agus comhdhlúthú breise a sholáthar nuair is gá.

Is é an aidhm teideal coiteann a choinneáil agus freagairt do riachtanais agus comhthéacsanna éagsúla foghlaimeoirí agus scoileanna ag an am chéanna.

# Cad é an tábhacht a bhaineann leis na prionsabail seo do scoileanna?

Le chéile, léiríonn na cúig phrionsabal aistriú suntasach i dtreo soiléireachta, comhleanúnachais agus comhsheasmhachta níos fearr ar fud an chórais oideachais.

I gcás scoileanna, soláthraíonn siad creat le smaoineamh ar cháilíocht churaclaim agus ar fhorbairt churaclaim. Cuireann siad modh ar fáil fosta trína bhféadfaidh scoileanna páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán curaclaim agus machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí dá bpleanáil curaclaim féin.

Ina theannta sin, níl sé beartaithe go bhféachfaí ar na prionsabail ar leithligh. Oibríonn siad le chéile le tacú le cuspóir foriomlán curaclaim a sheachadann sármhaitheas agus cothromas araon do gach foghlaimeoir.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. Cé chomh maith agus a thacaíonn ár gcuraclam scoile reatha leis na cúig phrionsabal? Cad iad na láidreachtaí a bhaineann leis? Cad iad na réimsí is mó a mbeidh muid ag iarraidh a fhorbairt?
2. Cén prionsabal a d'fhéadfadh a bheith ina cheann is dúshlánaí a chur i bhfeidhm go praiticiúil?
3. Cén bhealach a spreagfaidh na prionsabail, le chéile, cothromas agus sármhaitheas níos fearr do gach foghlaimeoir?

# Príomhtheachtaireacht

**Tá an curaclam atá beartaithe bunaithe ar chúig phrionsabal: Á threorú ag an chuspóir, ar mhórán eolais, leanúnach agus ciallmhar, sonrach agus soiléir, agus cuimsitheach agus solúbtha. Le chéile, tá sé mar aidhm ag na prionsabail seo creat soiléir, uaillmhianach agus cothrom a sholáthar do dhearadh curaclaim, agus do theagasc agus d'fhoghlaim ar fud Thuaisceart Éireann.**

# Léitheoireacht mholta

- Athbhreithniú Straitéiseach ar churaclam Thuaisceart Éireann
    - o Na Cúig Phrionsabail
- An Curaclam 2028: Páipéar achomair (caibidil 5)